

## EOCHAIRFHOCAIL

Speirm  
Ubh  
Siogót  
Toirchiú  
Ubhagán  
Caithreachas  
Feadán fallópach  
Útaras  
Ceirbheacs  
Faighin  
Lamhnán  
Stéig bheag

Cnámh phúbasach  
Úiréadra  
Míostrú  
Uiríocha  
Cadairne  
Speirmeaduchta  
Faireog phróstatach  
An timthriall míosúil  
Ubhsceitheadh  
Tréimhse torthúil  
Adharc

Seamhan  
Seadadh  
Ionchlannú (ionphlandú)  
Srinche (Sreang  
imleacáin)  
Placaint  
Neamhhtorthúil  
IVF  
Suth  
Féatas  
Frithghiniúnt  
Súnás

## GNÍOMHAÍOCHT FIOSRÚCHÁIN

# ÉIFEACHT FAD NA SPEIRME AR A LUAS

### HIPITÉIS

Snámhann speirm níos tapúla má tá eireaball níos faide aige



Fad eireaball na speirme ( $\mu\text{m}$ )	Luas an cill speirme (mm/min)
10	2
15	4
20	5

1. Tarraing graf chun na sonraí sa tábla a léiriú

2. Sanaitin na hathróa ón dtabla

Athróg Spleách: \_\_\_\_\_


Athróg Neamhspleách: \_\_\_\_\_

3. Úsáid an graf a tharraing tú chun cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir fad eireabaill na speirme agus luas na speirme.

4. (a) Sanaithin tréith eile a fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar luas na speirme.

(b) Luas an tréith is tábhachtaí ó thaobh na speirme i gcás toirchiú tríd comhriachtain (sexual intercourse). Tabhair fáth atá leis seo.

(c) Níl an tabhacht céanna ag baint le luas i gcás toirchiú tríd IVF. Tabhair fáth atá leis seo.



1. Thuas tá an áit a tharlaíonn toirchiú. Tosaíonn speirmchill ag snámh san fheadán fallópach agus is féidir leis snámh tuairim is 1mm gach nóiméad.

(a) Oibrigh amach cé comh fada a thógann sé chun a ubhchill a sroicheadh. Taispeáin d'obair.

(b) Tarraing ubh toircithe san áit ceart ar an léaráid.

(c) Athraíonn an ubh toircithe go dtí suthchill tríd an próiséas cilldeighilt. Mínigh cad atá i gceist le cilldeighilt.


2. Timpeall uair amháin gach 28-32 lá, scaoiltear ubh ón ubhagán. Taistealaíonn an ubh síos an feadán fallópach agus má bhuaileann sé le speirmchill tarlaíonn toirchiú. Leanann an ubhchill toircithe síos an feadán fallópach. Agus é ag taisteal roinneann sé isteach i liathróid cealla darbh ainm suth. San úterás, téann an suth isteach sa líneáil. Tugtar ionchlannú ar seo. Tugann an líneáil bia agus ocsaigín don suth chun fás.

(a) Cuir líne faoi na heocharfhocail agus cruthaigh pictiúirí chun an brí atá leo a thaispeáint.

(b) Thuas tá cur síos ar an bpróiséis nádúrtha chun beatha a cruthú. Déan taighde ar an bpróiséis saorga IVF agus scríobh alt beag le ar a laghad 3 pointe eolais faoi.

## AN TIMTHRIALL MÍOSTA

1. Taispéanann an léaráid thíos cé comh tiubh is atá líneáil an útarais ag amanna difriúla sa mhí. Cuir míniú ar an méad atá ag tarlú ar na laethanta éagsúla ar an léaráid.



2. Scaoiltear ubhchill timpeall 14 lá ina dhiaidh don timthriall míosúil tosú. Cén t-ainm a thugtar ar an bpróiséas seo?
3. Má thosnaíonn bean an timthriall ar an 3ú lá mí Eanáir, cén dáta ar a scaoiltear an ubh?
4. Athraíonn an timthriall míosa ó bhean go bean. Tógann sé timpeall 28 lá de ghnáth. Má thosnaíonn an timthriall ar an 14ú lá do Mhí Meitheamh, cén dáta a thosóidh an chéad timthriall eile.
5. Déan sreabhchairt le taispeáint cad a tarlaíonn ag gach staid den timthriall.